

# Seirbhísí Gaeilge i mbaol sa Tuaisceart

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi chiorruithe ar mhaoiniú le haghaidh clubanna óige Gaeilge sa Tuaisceart. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Ar cheart maoiniú a chur ar fáil don Ghaeilge sa Tuaisceart, dar leat? Cén fáth?
2. Tá athbheochan na Gaeilge an-ghníomhach i measc na bPoblachtach sa Tuaisceart. Cén fáth?

**Ceist 2** Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- Education Authority
- organise, run
- weekly
- total destruction
- new round of talks
- ministry
- bear the consequences of
- firm action
- provider

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad é ábhar na míre i gcúpla abairt?
2. Cad a bhí le rá ag Conchúr Ó Muadaigh agus Máirtín Ó Muilleoir faoin scéal?
3. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

400  
50,000  
64  
60

**Ceist 4** Cúrsaí Canúna

1. Cén chanúint atá ag na cainteoirí ar fad? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?
2. An dtuigeann tú canúint amháin níos fearr ná na cinn eile sa Ghaeilge? Cad í agus cén fáth a bhfuil tuiscint níos fearr agat ar an gcanúint sin?

**Ceist 5** ‘...is mó ...’

Sárchéim na haidiachta ‘mór’ atá i gceist leis an sampla thuas. Is aidiacht neamhrialta é. Cad faoi na cinn seo anois?

mór	níos mó	is mó
beag	_____	_____
álainn	_____	_____
dian	_____	_____
fada	_____	_____
maith	_____	_____
olc	_____	_____
ramhar	_____	_____
te	_____	_____

**Ceist 6** *Ceisteanna sa Ghaeilge*

1. Féach ar na ceisteanna coitianta seo. Cén cheist nach bhfuil cosúil leis na cinn eile? Cén fáth?

*Conas atá tú?  
Cad é mar atá tú?  
Cén chaoi a bhfuil tú?*

2. Féach ar na focail seo ar fad a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. Cé na cinn a ghlacann an clásal coibhneasta **díreach** agus cé na cinn a úsáideann an clásal coibhneasta **indíreach**? Cuir na focail sna boscaí cearta:

*cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fad, cén uair, cad é mar, cén dóigh*

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

3. Cum ceisteanna **faoin tuairisc**, leis na focail atá sna boscaí faoi cheist 2 anois; agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mara shampla:

- ✓ *Cé chomh minic a luaitear Club na Móna sa mhír?*
- ✓ *Cad chuige a bhfuil 400 páiste sa Tuaisceart fágtha gan seirbhísí Gaeilge?*

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

Education Authority – *Údarás Oideachais/ Údarás um Oideachas*  
organise, run – *reáchtáil*  
weekly – *go seachtainiúil*  
total destruction – *léirscrios*  
new round of talks – *babhta úr cainteanna*  
ministry – *aireacht*  
bear the consequences of – *thíos le*  
firm action – *gníomh díongbháilte*  
provider – *soláthróir*

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Canúint Uladh atá ag na cainteoirí ar fad seachas Eimear Ní Chonaola. Seo cuid de na focail agus de na frásaí a bhí sa mhír a chuireann canúint Uladh in iúl:

- ar an Ghaeilge (is é sin, séimhiú seachas urú sa tuiseal tabharthach)
- nach mbeadh siad (*nach mbeidís* a bheadh sna canúintí eile)
- úr
- fosta
- ag toiseacht
- 'leis' an Ghaeilge a chur chun cinn
- fán scéim

Pléigh atá i gceist leis an gcuid eile den cheist.

### Ceist 5

<i>mór</i>	<i>níos mó</i>	<i>is mó</i>
<i>beag</i>	<i>níos lú</i>	<i>is lú</i>
<i>álainn</i>	<i>níos áille</i>	<i>is áille</i>
<i>dian</i>	<i>níos déine</i>	<i>is déine</i>
<i>fada</i>	<i>níos faide</i>	<i>is faide</i>
<i>maith</i>	<i>níos fearr</i>	<i>is fearr</i>
<i>olc</i>	<i>níos measa</i>	<i>is measa</i>
<i>ramhar</i>	<i>níos raimhre</i>	<i>is raimhre</i>
<i>te</i>	<i>níos teo</i>	<i>is teo</i>

**Ceist 6**

1. 'Cén chaoi **a bhfuil** tú?' Is é **a bhfuil** an leagan coibhneasta indéireach de **tá/ata**.

2.

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indéireach
<i>cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fad, cén uair, cad é mar</i>	<i>cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh</i>

3. Ceisteanna samplacha:

Cé chomh minic is a luaitear Club na Móna?

Cad a bhí le rá ag Conchúr Ó Muadaigh?

Cé a chuir deireadh le maoiniú Líofa roimh an Nollaig?

Cathain a bheidh an cruinniú poiblí ar siúl?

Conas a chuireann na ciorruithe seo isteach ar Ghaeilgeoirí sa Tuaisceart?

Céard a dúirt Máirtín Ó Muilleoir faoin scéal?

Cén fad atá sé ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta?

Cén uair a bheidh an cruinniú poiblí?

Cad é a bheidh le plé ag an gcruinniú amárach?

Cad chuige a bhfuil na polaiteoirí ar ais in Stormont inniu?

Cén chaoi a gcuirfidh na ciorruithe seo isteach ar dhaoine óga sa Tuaisceart?

Cén tslí a bhfuil an t-ionsaí seo ar Ghlór na Móna níos measa ná cinneadh *Líofa* roimh an Nollaig anuraidh?

Cén fáth a bhfuil ceathrar fágtha gan post ar bith inniu?

Cén áit a bhfuil Glór na Móna lonnaithe?

Cén dóigh a gcuirfidh an scéal seo isteach ar an idirbheartaíocht atá ar siúl faoi láthair i Stormont chun cumhacht a roinnt?

### **Eimear Ní Chonaola**

Tá deireadh curtha ag an Údarás um Oideachas<sup>1</sup> sa Tuaisceart le maoiniú do chumainn óige Gaeilge i mBéal Feirste. Tá ceathrar fágtha gan phost<sup>2</sup> agus 400 páiste gan seirbhís ón lá inniu. Dúirt Sinn Féin gur measa é seo ná an méid a tharla i gcás na scéime *Líofa* roimh an Nollaig.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Tá Coláiste Feirste ar an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge is mó ar an oileán anois. Freastalaíonn go leor de na páistí ar chumainn óige Gaeilge a bhíonn á reáchtáil 5 oíche sa tseachtain. Go díreach roimh a cúig a chlog tráthnóna Dé hAoine, fuair an ceathrar Oifigeach Óige seo i nGlór na Móna, a reáchtálann cúig chumann óige trasna Bhéal Feirste, droch-scéala. Dúirt an tÚdarás um Oideachas nach mbeadh siad á maoiniú ón lá inniu ar aghaidh.

### **Conchúr Ó Muadaigh**

Tá tú ag labhairt faoi b'fhéidir 400 Gael óga a bhíonn ag freastal ar na cumainn óige seo go seachtainiúil agus ní bheidh...tá siad fágtha taobh amuigh de gheataí agus ní seirbhísí ar fáil. Tá muid cinnte gur léirscrios agus gur ionsaí oscailte ar an Ghaeilge, ar sheirbhísí Gaeilge agus seirbhísí óige Gaeilge (é seo).

### **Áine Ní Ghallchóir**

Tá polaiteoirí ar ais ag Stormont inniu le tús a chur le babhta úr cainteanna ós rud é nár tháinig siad ar aon socrú ó bhí an toghchán ann le cumhacht a roinnt. Is faoi aireacht Peter Weir ón DUP, anseo ar dheis, a bhí Roinn an Oideachais go dtí an toghchán agus is faoi stiúir na Roinne sin atá an tÚdarás um Oideachas. Roimh an Nollaig chuir an t-iar-Aire ón DUP, Paul Givan, deireadh le maoiniú *Líofa*, 50,000 punta a chuir scoláireachtaí chun na Gaeltachta ar fáil do dhaoine faoi mhíbhuntáiste sa Tuaisceart.

### **Máirtín Ó Muilleoir**

Sílím go bhfuil an t-ionsaí seo ar Ghlór na Móna níos measa ná cinneadh *Líofa* roimh an Nollaig anuraidh. Tá cúig chumann óige thíos leis an chinneadh seo, 64 uair an chloig d'imeachtaí agus tá ceist anseo fosta agus cainteanna ag toiseacht<sup>3</sup> de rialtas na hÉireann. Deir an Comhaontú, Comhaontú Aoine an Chéasta, go ndéanfaí gníomh diongbháilte leis an Ghaeilge a chur chun cinn. Is léir go síleann roinnt daoine gur chóir gníomh diongbháilte a dhéanamh leis an Ghaeilge a chur ar gcúl<sup>4</sup>.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Dúirt an tÚdarás um Oideachas go ndearna siad measúnú ar os cionn 60 soláthróir óige don bhliain amach romhainn agus nach raibh ann ach líon fíorbheag soláthróirí nár ceadaíodh. Ní dhearbhódh an tÚdarás an iad na cumainn Ghaeilge amháin atá i gceist ansin.

Beidh cruinniú poiblí ar siúl anseo i gColáiste Feirste ar a 7.30pm san oíche amárach leis na ciorruithe is deireanaí seo a phlé.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 in Iarthar Bhéal Feirste.

---

<sup>1</sup> *Údarás Oideachais* an leagan oifigiúil

<sup>2</sup> *gan post* a dúradh

<sup>3</sup> *ag tosú* an leagan caighdeánach

<sup>4</sup> *ar cúl* a dúradh